—2003—

# Neacha Neamhbheo agus Nithe Nach bhFuil ann

Nuala Ní Dhomhnaill

(Cathaoirleach: Caoimhín Mac Giolla Léith)

Cúpla bliain ó shin nuair a thug an scríbhneoir is foilsitheoir Mícheál Ó Conghaile an léacht seo, dúirt sé go raibh sé idir dhá chomhairle faoi. B'fhearr leis go mór, a dúirt sé, gearrscéal a scríobh nó tabhairt faoi cheann ar a laghad, fiú mura gcríochnófaí choíche é. Táimse díreach ar an dálta chéanna. Gach uair a shuínn síos le hiarracht a tabhairt faoin léacht seo a scríobh, is ea a thosnaínn ag scríobh dáin. Rud nach gearánta dhom ar shlí, mar is maith is eol dom nach ceart eiteachas a thabhairt don mBé, pé uair a thagann sí id threo. B'fhéidir go mbeifeá tamall maith eile ag lorg inspioráide is nach dtiocfadh sí. Ach mar sin féin tá léacht le tabhairt…

Déanfaidh mé iarracht ar chur síos a dhéanamh ar cheann de na rudaí is mó atá tar éis taitneamh is pléisiúr a thabhairt dom mar dhuine agus is mó atá tar éis ábhar scríbhneoireachta a thabhairt dom mar fhile: ábhar béaloidis na tíre seo agus go háirithe béaloideas Chorca Dhuibhne. Bhí suim mhór riamh agam sa bhéaloideas, cé ná féadfainn ag an am san ainm chomh hardnósach leis seo a thabhairt air. Ní raibh ann ach scéalta beaga a bhí fite fuaite mar dhlúth agus inneach tríd an gcaint agus mé i mo dheoraí beag cúig bliana d'aois thiar i dtigh m'aintín Máire i gCathair an Treanntaigh i bparóiste Fionntrá i lár na 1950í. Rudaí beaga a tharlaíodh ó lá go lá go luaití seanscéal leo nó tagairt éigin neamhghnách. Ar nós an lae, cúpla bliain ina dhiaidh sin, is mé i mo chailín óg, go rabhas ag siúl suas bóthar na Cathrach agus gúna síoda orm a bhí déanta de dhá stráice stuife a bhí fuáilte le chéile agam agus fáithim curtha faoina mbun thíos, an t-aon iarracht fuála riamh a dheineas, agus an ceann deireanach. 'Ó,' arsa John

Sé, col ceathrar lem' Dhaid críonna, a bhuail liom ar an mbóthar, 'is maith liom do ghúna.' ' Sea,' ar a mise le teann mórtais, 'síoda is ea é.'

'Nach maith atá a fhios agam é,' arsa John Sé, 'tháinig an méid sin síoda isteach sa bhfaill sin thiar ar a dtugann siad Faill a' tSíoda, go raibh muintir an pharóiste ag ceangal na n-ainmhithe leis; 'bhí leaincaisí síoda faoi chaoire na Cathrach', mar a dúirt an file'—abairt a d'fhanfadh im cheann go deo agus a léimfeadh amach chugam nuair a bheadh dán ar bun agam blianta fada ina dhiaidh sin. Ní hamháin san, ach bhí fear m'aintín, Tomás Ó Murchú nó Thomas Murphy mar ab fhearr aithne air, ar an tinteán agam. Fear é seo go raibh an-eolas ar stair an pharóiste aige, ní hamháin san ach ar sheanchas na seacht seanpharóistí laistiar den Daingean. Chuala oíche ina dhiaidh sin é i dtigh Dhónail Uí Chatháin, an tráth go raibh Oireachtas na nGael á thionól ag Breandán Mac Gearailt ar an mBuailtín. Bhí Máirtín Ó Cadhain sa chomhluadar. Tharla áiteamh idir Thomas agus Art Ó Beoláin maidir le suíomh agus tógaint sáipéal na Carraige.

> 'Tá sí tógtha ar an gCarraig,' arsa Art.
> 'Níl, ná an diabhal,' arsa Thomas, 'ach ar an mBóthar Buí.'
> 'Tá sí tógtha ar an gCarraig,' arsa Art arís. 'Cé dúirt leatsa é?' arsa Thomas.
> 'Nach bhfuil sé leite agam. Tá sé scríte sa leabhar.'
> 'Ó,' arsa Thomas, 'an té a bhreac an leabhar sin, do bhreac sé an diabhal d'éitheach!'
> 'Níl aon teora,' arsa Máirtín Ó Cadhain, 'leis an gcainteoir dúchais ceart.'

Timpeall an ama sin do thugas cóip den leabhar *Romantic Hidden Kerry* (1931) [le TF O'Sullivan] do Thomas. Cúpla lá ina dhiaidh sin do chuas á fhiosrú. 'Bhuel, a Thomáis, cad é do mheas ar an leabhar?' 'Níl sé olc,' a dúirt sé, 'téann sé siar dhá chéad bliain. Níl san olc ach raghainnse a ceathair duit.' Ní áibhéal ar fad a bhí ann, mar bhí a fhios aige gur piléar gunna mhóir ó árthach amuigh ar Bhá an Daingin a bhain an ceann de chaisleán na dTreanntach a bhí ar an mbaile, in ionad é á leagadh ó bhád a bhí istigh i gcuan Fionntrá, mar ba dhóchúla le duine. Ní raibh oiread is cloch os cionn cloiche den gcaisleán sin ar an bhfód leis na céadta bliain. Seans maith gur in aimsir Dhún an Óir, nó ar a dhéanaí le linn chogadh na gCroimealaíteach, a cuireadh deireadh leis an gcúirt. Ní raibh éinne de chine na dTreanntach ar leithinis Chorca Dhuibhne le fada, cé go bhfuil trí bhaile fearainn i bparóiste Fionntrá ainmnithe uathu is go bhfuil an t-ainm coitianta go leor i gCiarraí thuaidh. Murab ionann is a gcomhNormannaigh, na Feirtéirigh, na Rísigh, na Gearaltaigh agus muintir Hussey, ní raibh siad buan sa leithinis. D'fhéadfadh Thomas dul siar seacht nglúin ina shinsear féin, bhí a n-ainmneacha go léir aige agus mórán eolais i dtaobh a saol. Deireadh sé gur rugadh a athair críonna féin ar an gCuan Uachtar, baile a tháinig saor ón mbleaist ar na prátaí i rith an Ghorta Mhóir. Ba bheag an mhaitheas do na tionóntaithe é, mar glanadh an baile agus dhá bhaile eile a bhí ar an gCuan, an Cuan Íochtar